C/2025/3139

3.6.2025

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

an 27 Bealtaine 2025

lena gceaptar beirt chomhaltaí den choiste daoine neamhspleácha oirirce de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha

(C/2025/3139)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha ([1]), agus go háirithe Airteagal 11(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014, bunaítear coiste daoine neamhspleácha oirirce ('an coiste').

(2) Foráiltear le hAirteagal 11(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 go bhfuil an coiste le bheith comhdhéanta de sheisear comhaltaí, agus é faoi Pharlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún beirt chomhaltaí an ceann a cheapadh. Tá an coiste le hathnuachan laistigh de shé mhí tar éis dheireadh an chéad seisiúin de Pharlaimint na hEorpa i ndiaidh gach toghcháin do Pharlaimint na hEorpa. Níl sainordú na gcomhaltaí le bheith in-athnuaite,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Leis seo, ceaptar na daoine seo a leanas ina gcomhaltaí den choiste daoine neamhspleácha oirirce ar feadh tréimhse théarma oifige an choiste sin.

— Linas KONTRIMAS,

— Pia LANGE.

2. Tá gach ceapachán faoi réir shíniú an dearbhaithe neamhspleáchais agus easpa coinbhleacht leasa atá i gceangal leis an gCinneadh seo ag gach duine de na comhaltaí ainmnithe ábhartha.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2025.

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

A. SZŁAPKA

([1]) IO L 317, 4.11.2014, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1141/oj.

IARSCRÍBHINN

DEARBHÚ NEAMHSPLEÁCHAIS AGUS EASPA COINBHLEACHT LEASA

Dearbhaímse, a bhfuil mo shíniú anseo thíos, ..., gur thug mé do m'aire Airteagal 11(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1141/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le reacht agus cistiú páirtithe polaitiúla Eorpacha agus fondúireachtaí polaitiúla Eorpacha agus go bhfeidhmeoidh mé mo chuid feidhmeanna i mo cháil mar chomhalta den choiste daoine neamhspleácha oirirce ar bhealach a bheidh go hiomlán neamhspleách agus go hiomlán i gcomhréir le rialacha an Rialacháin sin.

Ní iarrfaidh mé treoir ná ní ghlacfaidh mé treoir ó aon institiúid nó rialtas ná ó aon chomhlacht, oifig nó gníomhaireacht eile. Staonfaidh mé ó aon ghníomh a bheadh ar neamhréir le cineál mo chuid dualgas.

Dearbhaím nach ann do choinbhleacht leasa i mo chás-sa, chomh fada agus is eol dom. Bíonn coinbhleacht leasa ann i gcás ina gcuirtear as d'fheidhmiú neamhchlaonta oibiachtúil na ndualgas atá orm i mo cháil mar chomhalta den choiste daoine neamhspleácha oirirce ar chúiseanna a bhaineann le cúrsaí teaghlaigh, leis an saol pearsanta, le cleamhnacht pholaitiúil, náisiúnta, fealsúnachta nó chreidimh, le leas eacnamaíoch nó le haon leas eile a bheadh i bpáirt agam le faighteoir.

Dearbhaím, go háirithe, nach comhalta de Pharlaimint na hEorpa, den Chomhairle ná den Choimisiún mé. Níl aon sainordú toghchánach agam. Ní oifigeach ná seirbhíseach eile de chuid an Aontais Eorpaigh mé. Ní fostaí mé de pháirtí polaitiúil Eorpach ná d'fhondúireacht pholaitiúil Eorpach agus níorbh ea riamh.

Arna dhéanamh …, …

[DÁTA + SÍNIÚ

an chomhalta ainmnithe den choiste

daoine neamhspleácha oirirce]